

Go rang a dó

Naomh Pádraig

Go leor, blianta fada ó shin, bhí buachaill darb ainm Pádraig ina chónaí i dtír trasna na farraige as Éirinn. Nuair a bhí Pádraig sé bliana déag d'aois, gabhadh é óna bhaile ina raibh cónaí air. Tógadh é óna theaghlach agus a chairde agus cuireadh ar long é. Sheol an long trasna na farraige agus thug sí Pádraig go hÉirinn. Nuair a d'éirigh Pádraig as an long, díoladh é mar sclábhaí le fear saibhir. Thug an fear Pádraig go sliabh i gContae Aontroma. Bhí ar Phádraig aire a thabhairt do chaoirigh an fhir shaibhir ar an sliabh. Bhí sé an-uaigneach.

Bhí sé an-fhuar ar an sliabh agus is beag bia a bhí ag Pádraig. D'fhan Pádraig ar an sliabh ar feadh seacht mbliana fada. Gach lá ghuigh sé chun Dé. Dúirt sé le Dia go raibh sé ag iarraidh dul abhaile. Bhí a fhios ag Pádraig go raibh Dia i gcónaí leis.

Ansin oíche amháin, bhí brionglóid ag Pádraig. Ina aisling, chonaic sé bealach chun éalú ón sliabh. An mhaidin dár gcionn, nuair a dhúisigh sé, chuimhnigh sé ar a bhrionglóid agus d'imigh sé, síos an sliabh, ag dul abhaile. Bhí eagla air go bhféadfadh duine é a ghabháil agus é a thógáil ar ais. Ghuigh sé chun Dé. Níor ghabh éinne é. Nuair a shiúil sé tamall fada, tháinig sé chun farraige. Bhí long díreach ar tí imeacht. Chuaigh Pádraig ar bord na loinge agus go luath bhí sé ar ais sa bhaile arís. Ghuigh sé chun Dé. Ghabh sé buíochas le Dia as cuidiú leis agus as é a choimeád slán. Bhí sé sásta a bheith sa bhaile arís.

Tar éis cúpla bliain sa bhaile arís ina thír féin, thosaigh Pádraig ag smaoineamh ar Éirinn gach lá agus gach oíche. Smoineamh sé faoi na daoine a bhí ann. Chuir sé brón orthu mar ní raibh a fhios acu faoi Dhia. Níor dhúirt aon duine riamh leo faoi Dhia. Níor dhúirt duine ar bith leo riamh gur chruthaigh Dia an domhan álainn seo le sléibhte agus farraigí agus créatúir agus daoine. Níor dhúirt duine ar bith leo riamh go raibh grá ag Dia dóibh! Agus níor dhúirt duine ar bith leo riamh gur chuir Dia Íosa, a Mhac, chun cónaí anseo ar talamh. Ansin, oíche amháin, bhí aisling eile ag Pádraig. Sa bhrionglóid seo, chuala sé a ainm á ghlaoch, 'Pádraig, Pádraig!' Ina aisling bhí a fhios ag Pádraig go raibh na guthanna ag glaoch air teacht ar ais go hÉirinn. Bhí a fhios aige gur chóir dó dul ar ais ansin agus na daoine a mhúineadh faoi ghrá Dé dóibh. An mhaidin dár gcionn, sheol Pádraig i long eile agus d'fhill sé ar Éirinn. Bhí grá ag muintir na hÉireann do Phádraig. Bhí siad sásta gur inis sé dóibh faoi ghrá Dé. D'fhan sé leo

chomh fada agus a mhair sé. Anois, gach bliain, bíonn lá speisialta againn nuair a dhéanaimid ceiliúradh ar Naomh Pádraig agus cuimhnímid ar an gcaoi ar thug sé an dea-scéal dúinn faoi ghrá Dé dúinn.

Éist leis an scéal. Ansin dún do shúile ar feadh nóiméid. Guigh comhartha na croise agus éist le Dia.

Tarraing pictiúr den chuma a bhí ar Naomh Pádraig, dar leat.

